Preasráiteas: Embargo 1.00 r.n. Déardaoin, an 17 Aibreán 2014

Ábhar: Tuarascáil Bhliantúil 2013

D'fhoilsigh an Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill, Tuarascáil Bhliantúil 2013 Oifig an Choimisinéara Teanga inniu, Déardaoin, an 17 Aibreán 2014. Is í seo an deichiú tuarascáil bhliantúil atá foilsithe ag an Oifig. Sna deich mbliana atá caite ó bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga rinneadh os cionn sé mhíle gearán leis an Oifig maidir le cearta teanga. Bhain 23% de na gearáin le Ranna agus Oifigí Rialtais, 32% le húdaráis áitiúla agus an chuid eile le réimse leathan eagraíochtaí stáit.

Agus é ag foilsiú Thuarascáil Bhliantúil 2013, dúirt Rónán Ó Domhnaill: *"Is léir go bhfuil go leor bainte amach ag Oifig an Choimisinéara Teanga le deich mbliana anuas maidir le cearta teanga lucht labhartha na Gaeilge a chosaint. Sa chomhthéacs sin cuirim fáilte mhór roimh chinneadh an Rialtais le deireanaí gan leanúint leis an bplean Oifig an Choimisinéara Teanga a chónascadh le hOifig an Ombudsman – cinneadh a chosnaíonn neamhspleáchas na hOifige.*

Tá áthas orm freisin a rá go mbeidh post mar Stiúrthóir, Oifig an Choimisinéara Teanga, ag grád Príomhoifigigh sa Státseirbhís, le fógairt go gairid. Cuideoidh an ceapachán seo go mór le cur i bhfeidhm aidhmeanna na hOifige sna blianta amach romhainn.

Thug Rónán Ó Domhnaill aitheantas freisin don mhéid atá bainte amach ag údar na Tuarascála agus céad Choimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, i gcruthú spás don Ghaeilge i ndioscúrsa poiblí na tíre seo agus ag tabhairt cosaint do chearta teanga an phobail.

Gearáin agus imscrúduithe

Le linn na bliana 2013, phléigh Oifig an Choimisinéara Teanga le 775 cás i dtaca le deacrachtaí nó fadhbanna le seirbhísí stáit á fháil trí Ghaeilge. Fuarthas comhréiteach ar fhormhór mór na gcásanna sin trí idirbheartaíocht neamhfhoirmiúil leis an gcomhlacht poiblí cuí nó trí chomhairle a chur ar fáil do ghearánaigh.

Pléadh le 13 cinn d'imscrúduithe foirmiúla le linn na bliana 2013 agus rinneadh an cinneadh gur sáraíodh gnéithe ar leith den reachtaíocht teanga i gcás eagraíochtaí áirithe. Bhain péire de na himscrúduithe sin leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus teagasc trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.

Scéimeanna teanga

Bhí 98 scéim teanga (pleananna reachtúla teanga) a chuimsigh 184 comhlacht poiblí daingnithe faoi dheireadh 2013 ach bhí 72 de na 98 scéim teanga sin imithe in éag

faoi dheireadh na bliana sin. I gcás na n-údarás áitiúil bhí 94% de na scéimeanna teanga imithe in éag.

(Críoch)

Nóta eolais:

Cheap Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, an tUasal Rónán Ó Domhnaill ina Choimisinéir Teanga ar an 12 Márta 2014. Rinne an Rialtas cinneadh le déanaí deireadh a chur leis an bplean Oifig an Choimisinéara Teanga a chónascadh le hOifig an Ombudsman. Cuireadh Ceannteidil Bhille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2014 faoi bhráid an Chomhchoiste um Chomhshaol, Cultúr agus an Ghaeltacht ar an 4 Aibreán 2014.

Tá an Tuarascáil Bhliantúil foilsithe go príomha i bhfoirm leictreonach agus tá sí ar fáil ar www.coimisineir.ie. Tá cóipeanna crua le fáil ó Oifig an Choimisinéara Teanga, An Spidéal, Co. na Gaillimhe.

Tuilleadh eolais: Damhnait Uí Mhaoldúin ar (091) 504 006 nó 0872197946 nó ag eolas@coimisineir.ie